Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13581/18**

**CONOP 98**
**CODUN 36**
**COARM 289**
**CFSP/PESC 985**
**COSI 288**
**ENFOPOL 565**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13498/18 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis de chuid an Aontais a ghlacadh i gcoinne airm thine, mionairm aindleathacha & armáin éadroma & a n-armlón<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 19 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis de chuid an Aontais a ghlacadh i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an 3652ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 19 Samhain 2018.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE STRAITÉIS DE CHUID AN AONTAIS A GHLACADH I gCOINNE AIRM THINE, MIONAIRM AGUS ARMÁIN ÉADROMA AINDLEATHACHA AGUS A N-ARMLÓN

1. Tugann an Chomhairle dá haire go leanann mionairm agus armáin éadroma aindleathacha de bheith ag cur leis an éagobhsaíocht agus de bheith ina gcúis leis an bhforéigean armtha, iad ina mbac ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar na hiarrachtaí bainistithe géarchéime, agus réigiúin iomlána, agus na stáit agus na sochaithe atá iontu, á ndíchobhsú, an foréigean armtha agus an choireacht eagraithe á spreagadh acu, agus tionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta á mhéadú acu. Dá bhrí sin, tá an Chomhairle tiomanta trádáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma (SALW) agus a n-armlón a chosc agus a shrianadh agus an chuntasacht agus an fhreagracht a chur chun cinn maidir lena dtrádáil dhlíthiúil.

2. Measann an Chomhairle go bhfuil clár gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun trádáil neamhcheadaithe i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú go hiomlán ina chreat domhanda chun dul i ngleic leis an mbagairt ó SALW aindleathach agus tacaíonn sí lena chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda. Ina theannta sin is díol sásaimh don Chomhairle an toradh a bhí ar an Tríú Comhdháil chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh le cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe a bhí ar siúl i mí an Mheithimh 2018 mar léiríonn sé roinnt mhaith de chuspóirí sheasamh an Aontais arna ghlacadh ag an gComhairle ar an 28 Bealtaine 2018[1], lena n-áirítear tacaíocht don ról atá ag eagraíochtaí réigiúnacha i gcur chun feidhme an Chláir Gníomhaíochta.

3. Meabhraíonn an Chomhairle gur ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis de chuid an Aontais in 2005 chun carnadh agus gáinneáil aindleathach i mionarmáin agus airm éadroma agus ina n-armlón a chomhrac[2]. Meabhraíonn sí freisin go bhfuil infheistiú suntasach déanta ag an Aontas Eorpach sa chomhar agus i gcúnamh do thríú tíortha d'fhonn dul i ngleic leis an trádáil aindleathach in SALW arna treorú ag Straitéis an Aontais agus an Clár Gníomhaíochta.

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus armáin éadroma, i bhfianaise an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin ina ndearnadh athbhreithniú ar chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i ndáil le mionairm agus armáin éadroma (SALW) (Comhairle 8978/18 an 28 Bealtaine 2018)

[2] 5319/06 ón gComhairle http://register.consilium.europa.eu/doc/srv?l=EN&f=ST%205319%202006%20INIT

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le gnéithe do Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón[3], a d'eisigh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ar an 13 Meitheamh 2018. Tacaíonn sí go hiomlán leis na cuspóirí agus leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe a shonraítear sa teachtaireacht.

5. Mar fhreagra ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach agus i bhfianaise forbairtí ábhartha ó 2005 i leith, glacann an Chomhairle straitéis nua de chuid an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, a chuirtear in ionad Straitéis an Aontais ó 2005. I measc na bhforbairtí ábhartha sin ó 2005 i leith tá an comhthéacs slándála forbartha, lena n-áirítear bagairt na sceimhlitheoireachta laistigh den Aontas agus na forbairtí i ndearadh SALW agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann, a dhéanann difear do chumas rialtas aghaidh a thabhairt ar an mbagairt.

6. Cuirtear san áireamh sa Straitéis nua prionsabail threoracha Straitéis Dhomhanda an Aontais 2016[4], lena n-éilítear cur chuige comhleanúnach sna beartais sheachtracha, idir na Ballstáit agus institiúidí an Aontais agus idir gnéithe beartais inmheánacha agus seachtracha. Cuirtear san áireamh léi freisin an toradh a bhí ar an Tríú Comhdháil Athbhreithniúcháin den Chlár Gníomhaíochta[5] ó mhí an Mheithimh 2018, teacht i bhfeidhm an Chonartha Trádála Arm i mí Nollaig 2014[6], agus seoladh Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe i mí Mheán Fómhair 2015, lena ndearbhaítear gur gá an trádáil aindleathach sna mhionairm agus sna harmáin éadroma a chomhrac chun roinnt mhaith cuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsíocháin, ceartas agus institiúidí láidre, an bhochtaineacht a laghdú, an fás eacnamaíoch, comhionannas inscne agus cathracha agus pobail atá sábháilte.

[3] JOIN (2018) 17 final an 13 Meitheamh 2018.
[4] https://europa.eu/globalStrategy/en/global-Strategy-foreign-and-security-policy-european-union
[5] A/CONF.192/2018/RC/3
[6] http://treaties.un.org/doc/Treaties/2013/04/20130410%2012-01%20PM/Ch_XXVI_08.pdf#page=21

7. Is é cuspóir na Straitéise nua gníomhaíocht Eorpach chomhtháite, chomhchoiteann agus chomhordaithe a threorú chun fáil aindleathach SALW agus a n-armlón ag sceimhlitheoirí, ag coirpigh agus ag gníomhaithe neamhúdaraithe eile, a chosc agus a shrianadh, agus chun cuntasacht agus freagracht maidir le trádáil dhlíthiúil arm a chur chun cinn. Beidh an Straitéis nua de chuid an Aontais ina treoir do ghníomhaíochtaí institiúidí an Aontais agus na mBallstát.

8. Tá Straitéis nua an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha le fáil san iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo.

**AIRM A DHAINGNIÚ, SAORÁNAIGH A CHOSAINT**

Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón

## 1. RÉAMHRÁ

Tá airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha ag cur go fóill leis an éagobhsaíocht agus leis an bhforéigean san Aontas Eorpach, ar a thairseach, agus sa chuid eile den domhan. Tá mionairm aindleathacha ag spreagadh sceimhlitheoireacht agus coinbhleachtaí domhanda, ag cur de dhroim seoil forbairt an Aontais chomh maith lena iarrachtaí bainistithe géarchéime, daonnúla agus cobhsaíochta in áiteanna áirithe i gcomharsanacht an Aontais agus san Afraic. Laistigh den Aontas, tá tionchar soiléir ag airm thine aindleathacha ar an tslándáil inmheánach, tríd an gcoireacht eagraithe a spreagadh agus ag cur ar chumas sceimhlitheoirí ionsaithe a dhéanamh ar thalamh na hEorpa.

Luadh i dtuarascáil 2016 Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma i ngach ceann dá gnéithe[7] gur tháinig méadú faoi thrí ar mhéid na gcogaí cathartha le deich mbliana anuas. Is príomhthoisc é an choinbhleacht armtha, spreagtha ag iomadú mionairm aindleathacha, agus beagnach 800 milliún duine a bheith gan dóthain bia. Le hairm thine aindleathacha, déantar gáinneáil ar dhrugaí agus ar dhaoine a éascú trí imeaglú agus trí chomhéigean, cogaí fearainn idir dronga uirbeacha a spreagadh agus sceimhlitheoirí a chumhachtú. Léiríonn ionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip an nasc idir an choireacht eagraithe agus an sceimhlitheoireacht, go háirithe i ngáinneáil arm tine, agus is comhartha soiléir iad ar bhagairt ilghnéitheach a bhaineann le réimsí éagsúla coireachta. Tugadh ar aird i Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe 2017[8] ó Europol gur léirigh na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla laistigh agus lasmuigh den Aontas, arna ndéanamh ag sceimhlitheoirí jiohádacha le hairm thine a rinneadh a gháinneáil, iarmhairtí marfacha na trádála aindleathaí seo.

---

7 https://s3.amazonaws.com/unoda-web/wp-content/uploads/2016/10/english.pdf
8 https://www.europol.europa.eu/socta/2017/

Ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis de chuid an Aontais in 2005 chun carnadh agus gáinneáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma agus ina n-armlón a chomhrac[9] ag tacú le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe d'fhonn trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú ar fad, mar a glacadh ar an 20 Iúil 2001[10]. Le Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil 2015 ón gCoimisiún[11], sainaithníodh gáinneáil aindleathach ar airm thine mar cheann de na tosaíochtaí faoin gcuspóir uileghabhálach cur isteach ar ghníomhaíochtaí na sceimhlitheoirí agus grúpaí coireachta eagraithe thromchúiseacha. Ina dhiaidh sin tháinig plean gníomhaíochta de chuid an Aontais i gcoinne gáinneáil aindleathach agus úsáid arm tine agus pléascán[12] agus athbhreithniú ar chreat rialála an Aontais maidir le fáil agus seilbh dhlíthiúil arm tine[13]. Ar an 13 Meitheamh 2018, d'eisigh an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le gnéithe do Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón[14] d'fhonn dul i dtreo Aontas Slándála dearbhaithe éifeachtach.

---

9 5319/06 ón gComhairle http://register.consilium.europa.eu/doc/srv?l=EN&f=ST%205319%202006%20INIT

10 A/CONF.192/15.

11 Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2015) 185 final, 28.4.2015).

12 *Implementing the European Agenda on Security* [An Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil a Chur Chun Feidhme]: *EU action plan against illicit trafficking in and use of firearms and explosives* [Plean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne gáinneáil aindleathach agus úsáid airm thine agus pléascán], Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2015) 624 final, 2.12.2015).

13 Treoir 91/477/CEE maidir le fáil agus seilbh armán a rialú (IO L 256, 13.9.1991, lch. 51) agus Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 10 de Phrótacal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireacht Eagraithe Trasnáisiúnta (Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe), agus lena mbunaítear bearta i ndáil le húdarú onnmhairithe, le hallmhairithe agus le hidirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin (IO L 94, 30.3.2012).

14 JOIN (2018) 17 final an 13 Meitheamh 2018.

Cuirtear san áireamh le Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus armáin éadroma aindleathacha agus a n-armlón an Teachtaireacht Chomhpháirteach comhainmneach[15], prionsabail threoracha Straitéis Dhomhanda an Aontais 2016[16], an comhthéacs slándála forbartha ó 2005 i leith, forbairtí i rialú gnáth-arm, amhail theacht i bhfeidhm Chonartha Trádála Arm i mí Nollaig 2014[17], agus gníomhaíochtaí laistigh den Aontais lena gcuirtear chun feidhme Clár Oibre Eorpach 2015 maidir leis an tSlándáil. Is é cuspóir Straitéis athbhreithnithe gníomhaíocht Eorpach chomhtháite, chomhchoiteann agus chomhordaithe a threorú chun sealbhú aindleathach SALW agus a n-armlón ag sceimhlitheoirí, ag coirpigh agus ag gníomhaithe neamhúdaraithe eile, a chosc agus a shrianadh, agus chun cuntasacht agus freagracht maidir le trádáil dhlíthiúil arm a chur chun cinn.

Cé go ndéantar trádáil in airm thine sibhialta a rialú ar leibhéal an Aontais[18], déanann na Ballstáit a seasaimh maidir le honnmhairiú mionarm agus armán éadrom (SALW), mar ábhair chogaidh, a ailíniú faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES)[19]. Is beag idirdhealú dlíthiúil a dhéantar idir airm thine shibhialtacha agus de ghrád míleata nuair a dhéantar iad a atreorú chun críocha neamhdhlíthiúla. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar an mbagairt seo ar bhealach cuimsitheach, cumhdaítear airm thine shibhialtacha agus airm thine de ghrád mhíleata sa Straitéis seo.

Imríonn armáin mhíleata ról fíorthábhachtach maidir le caomhnú na slándála, na saoirse agus na síochána, ar choinníoll go n-úsáidtear iad i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Ag an am céanna, is féidir le harmáin mhíleata a bheith mar chúis le bás agus scriosadh. Ciallaíonn sin nach mór do rialtais a rialaíonn armáin den sórt a áirithiú go ndéantar iad a thrádáil ar bhealach freagrach agus cuntasach, agus ní mór do na rialtais a chosc go ndéanfaí iad a atreorú chuig sceimhlitheoirí, coirpigh agus úsáideoirí neamhúdaraithe eile de shárú ar thrádbhac arm agus ar chomhaontuithe úsáideoirí deiridh.

---

**15** Féach fonóta 8

**16** https://europa.eu/globalStrategy/en/global-Strategy-foreign-and-security-policy-european-union

**17** http://treaties.un.org/doc/Treaties/2013/04/20130410%2012-01%20PM/Ch_XXVI_08.pdf#page=21

**18** Féach fonóta 7

**19** Comhsheasamh 2008/944/CBES an 8 Nollaig 2008, lena sainmhínítear comhrialacha faoina rialaítear rialú onnmhairí trealaimh agus teicneolaíochta míleata. Tá aistriú trealaimh agus teicneolaíochta míleata laistigh den Aontas faoi réir Threoir 2009/43/CE

Chun críche na Straitéise seo, úsáidtear 'SALW'[20] nuair atá armáin de ghrád míleata i gceist agus úsáidtear 'airm thine'[21] agus airm thine shibhialtacha san áireamh.

## 2. AIRM THINE AINDLEATHACHA AGUS SALW A CHOMHRAC: CUSPÓIRÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Chun atreorú agus monarú agus trádáil aindleathach arm tine/SALW agus a n-armlón a chomhrac go héifeachtach, ní mór caighdeáin agus rialacha a leagan síos, a chur chun feidhme, a fhorfheidhmiú agus a chur in iúl ag gníomhaireachtaí rialtais agus gníomhaithe náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda. Teastaíonn gníomhaíocht lena dtabharfar aghaidh ar gach céim de shaolré arm tine/SALW agus a n-armlón: monarú, onnmhairiú, stoc-charnadh agus diúscairt. i gcomhréir leis an Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh[22], chomh maith leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, féachann an tAontas le limistéar slán síochánta a chaomhnú agus a chosaint dá shaoránaigh, tacú leis an tslándáil agus forbairt a chothú ina chomharsanacht agus sa chuid eile den domhan. Chun na críche sin, tá an Straitéis seo bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

- aontacht – cur chuige comhleanúnach comhordaithe a ghlacadh ar fud beartais sheachtracha, idir na Ballstáit agus an tAontas, agus idir gnéithe beartais inmheánacha agus seachtracha;

---

[20] Is airm de ghrád míleata iad mionairm agus armáin éadroma (SALW) agus a n-armlón; áirítear ina measc:
(a) mionairm: raidhfilí ionsaithe; raidhfilí agus carbíní leath-uathoibríocha de ghrád míleata; gunnáin agus piostail fhéinlódála de ghrád míleata; meaisínghunnaí éadroma; fo-mheaisínghunna, lena n-áirítear meaisínphiostail;
(b) armáin éadroma: meaisínghunnaí troma; gunnaí móra, habhatsair agus moirtéir ar lú a gcailibre ná 100 mm; teilgeoirí gránáide; gunnaí gan aisléim; roicéid a scaoiltear ón ngualainn agus córais fhritancanna agus aerchosanta eile a scaoileann diúracáin, lena n-áirítear córas aerchosanta iniompartha, ar choinníoll go bhfuil siad iniompartha ag duine nó criú;
(c) páirteanna SALW;
(d) gabhálais SALW (amhail scóip oíche, ciúnadóirí, etc.); agus
(e) armlóin SALW.
Leis an sainmhíniú seo ní dhéantar aon réamhbhreith ar aon sainmhíniú a chomhaontófar go hidirnáisiúnta amach anseo ar SALW.

[21] Tá raon feidhme níos leithne ag an téarma 'airm thine' a chumhdaíonn airm thine shibhialtacha agus airm thine de ghrád míleata araon. Le prótacal na Náisiún Aontaithe maidir le hairm thine ciallaíonn 'arm tine' aon armán iniompartha a bhfuil bairille air agus a dhíchuireann urchar, piléar nó diúracán trí ghníomhaíocht pléascáin nó atá ceaptha chun iad a dhíchur, nó a d'fhéadfaí a thiontú chun iad a dhíchur, seachas airm thine sheanda nó a macasamhla. Ba cheart a thabhairt ar aird nach airm thine iad armáin éadroma áirithe, amhail teilgeoirí roicéad. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear gach SALW leis an téarma 'airm thine'.

[22] https://europa.eu/globalStrategy/sites/globalStrategy/files/pages/files/eugs_review_web_13.pdf

- comhar agus comhpháirtíocht a chur chun cinn ar gach leibhéal;

- freagracht a ghlacadh i ndáil le réigiúin tosaíochta, go háirithe iad siúd ar dócha go mbainfeadh bagairt leo do shlándáil an Aontais agus na réigiúin ar mó an tairbhe a bhainfidís as gníomhaíocht an Aontais;

- ord comhoibritheach domhanda riailbhunaithe a chur chun cinn a bhfuil an t-iltaobhachas ina phrionsabal lárnach aige agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, bunaithe ar mheas ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, d'fhonn domhan síochánta inbhuanaithe a bhaint amach; agus

- gnéithe inscne agus éagsúlachta a ionchorprú i dtionscadail agus gníomhaíochtaí rialaithe SALW.

## 2.1 AN CREAT NORMATACH A NEARTÚ

### 2.1.1. Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le SALW agus ionstraim idirnáisiúnta rianaithe

Is ionstraim chuimsitheach i gcónaí é Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le SALW[23] agus is é an t-aon chreat uilíoch a théann i ngleic le bagairt SALW aindleathach. Tá an ionstraim idirnáisiúnta rianaithe[24] ina ceangal polaitiúil ina leagtar amach ceanglais agus lena dtugtar caighdeán domhanda maidir le marcáil, taifead agus rianú SALW. Is é príomhchuspóir Straitéis athbhreithnithe an Aontais cur chun feidhme iomlán éifeachtach Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus na hionstraime idirnáisiúnta rianaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda. Cuirtear bearta chun cinn leis an Straitéis seo, dá bhrí sin, chun cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach san Aontas. Ina theannta sin, moltar inti comhar agus cúnamh i réigiúin eile an domhain agus ar an leibhéal domhanda.

23 http://www.un.org/events/smallarms2006/pdf/192.15%20(E).pdf
24 http://www.poa-iss.org/InternationalTracing/InternationalTracing.aspx

Gníomhaíocht: Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag tacú le comhar agus cúnamh a chur ar fáil do chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, agus béim faoi leith ar an gcomhar réigiúnach, agus páirt a ghlacadh i gcomhordú le deontóirí eile agus tacú a thabhairt don chomhordú sin. Áireofar leis an tacaíocht sin bailiú agus díothú SALW agus armlón breise, slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn do SALW agus armlón, forbairt acmhainne maidir le marcáil, taifead agus rianú, forbairt acmhainne maidir le rialú onnmhairiúcháin arm, fothú acmhainní maidir le forfheidhmiú an dlí i gcoinne gáinneáil aindleathach, tacaíocht le faireachán ar thrádbhloic agus rianú armán atreoraithe.

Na chéad chéimeanna eile: Faoi Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe, cuirfear san áireamh i dtionscadail nua anailís agus meastóireacht chuimsitheach ag an Ardionadaí, ar thionchar agus ar éifeachtacht tionscadail rianaithe SALW faoi Straitéis SALW 2005 idir 2005 agus 2017.

### 2.1.2 An Conradh Trádála Arm

Leis an gConradh Trádála Arm (ATT)[25], bunaítear na caighdeáin idirnáisiúnta is airde is féidir maidir le rialú a dhéanamh ar an trádáil idirnáisiúnta i ngnáth-airm (lena n-áirítear SALW), nó feabhas a chur ar an rialú sin, agus tá sé mar aidhm aige trádáil aindleathach i ngnáth-airm a chosc agus a dhíothú agus cosc a chur ar atreorú na n-arm sin.

Gníomhaíocht: Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le huilíochas agus le cur chun feidhme ATT.

[25] https://www.un.org/disarmament/att/

2.1.3 Prótacal na Náisiún Aontaithe maidir le hairm thine

Is é is cuspóir Phrótacal na Náisiún Aontaithe maidir le hairm thine[26], comhar a éascú agus a neartú d'fhonn monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine a chosc, a chomhrac agus a dhíothú. Rinne an Coimisiún idirbheartaíocht maidir leis an bprótacal agus shínigh sé é thar cheann an Aontais in 2002. Tar éis rialacha níos déine a ghlacadh maidir le hairm thine shibhialta a aistriú ón Aontas agus ó áiteanna eile, bhí an tAontas in ann an prótacal a dhaingniú in 2014[27].

Gníomhaíocht: Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cur chun cinn phrótacal na Náisiún Aontaithe maidir le hairm thine agus a shásra athbhreithnithe, agus de bheith ag neartú acmhainn na dtíortha comhpháirtíochta agus fo-réigiún d'fhonn rialuithe éifeachtacha ar airm thine a chur chun feidhme i gcomhréir leis an bprótacal. Go háirithe, iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit a Mholadh ón 17 Aibreáin 2018 maidir le bearta láithreacha a chur chun feidhme go hiomlán chun feabhas a chur ar shlándáil bearta onnmhairithe, allmhairithe agus idirthurais airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón.[28]

2.1.4 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe

Le leathadh aindleathach neamhrialaithe SALW, tá seans ann go dtacófar agus go gcuirfear fad le coinbhleachtaí armtha agus le foréigean armtha, agus beidh tionchair dhiúltacha aige sin ar an dea-rialachas, ar dhlí agus ord, ar rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte, ar cheartas agus ar chearta sibhialta eile. Is naisc sean-bhunaithe go fóill iad na naisc idir an foréigean armtha, an choimhlint armtha agus an fhorbairt lag. Le sprioc 16.4 de SDGanna na Náisiún Aontaithe[29], thug tíortha gealltanais sreafaí aindleathacha airgeadais agus arm a laghdú go suntasach, aisghabháil agus filleadh sócmhainní goidte a neartú, agus dul i ngleic le gach cineál coireachta eagraithe. Dá bhrí sin, ní mór é a bheith mar aidhm leis an Straitéis tionchair dhiúltacha ar an bhforbairt inbhuanaithe ón ngáinneáil aindleathach in SALW agus a n-armlón a mhaolú agus a chosc.

---

26 Prótacal i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta; http://www.unodc.org/unodc/en/firearms-protocol/the-firearms-protocol.html

27 IO L 89, 25.3.2014, lch. 7.

28 COM(2018) 2197 final.

29 https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/

Gníomhaíocht: Cuirfidh an tAontas leis an iarracht chun spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, lena n-áirítear sprioc forbartha inbhuanaithe 16.4 (laghdú suntasach ar shreabha aindleathacha arm faoi 2030), trí chuidiú le stáit agus le réigiúin táscairí náisiúnta agus réigiúnacha a fhoirmliú agus a chur chun feidhme.

2.1.5 Noirm níos láidre an Aontais

Pléifidh an Chomhairle cinntí nua chun creat normatach an Aontais a neartú ionas go gcuirfear feabhas ar inrianaitheacht SALW, ar dhoiciméadacht úsáide deiridh i rialú ar onnmhairiú SALW agus ar mhalartú faisnéise maidir le hatreorú. Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas de chlásal caighdeánach i dtaca le rialú SALW a mholadh ina chomhpháirtíocht agus ina chomhaontuithe trádála le tíortha eile. Tabharfar an clásal cothrom le dáta i gcomhréir leis an straitéis nua.

Gníomhaíocht: Leanfaidh an tAontas de chlásal caighdeánach i dtaca le rialú SALW a thabhairt isteach i gcomhpháirtíocht agus i gcomhaontuithe trádála le tíortha eile.

Na chéad chéimeanna eile:

- Déanfaidh an Chomhairle a machnamh ar chinneadh maidir le gach SALW a mharcáil chun inrianaitheacht a fheabhsú;

- Is díol sásaimh don Chomhairle an rún atá ag an gCoimisiún Gníomh Tarmligthe a ghlacadh i ndáil le faisnéis maidir le húdaruithe arm tine d'úsáid shibhialtach a aistriú go Ballstát eile, a mhalartú go leictreonach, agus córas leictreonach a bhunú ar a bhféadfadh na Ballstáit an fhaisnéis sin a mhalartú le chéile, faoi mar a cheanglaítear i dTreoir 91/477/CEE[30].

[30] Ceanglaítear le hAirteagal 13.5 de Threoir 91/477 go nglacfar an gníomh seo cur chun feidhme faoin 14 Meán Fómhair 2018.

## 2.2 CUR CHUN FEIDHME NA NORM I dTIMTHRIALLTA SAOIL ÉAGSÚLA NA nARM TINE/SALW

### 2.2.1 Rialú ar airm thine agus ar dhéantúsaíocht SALW

Déantar dea-rialáil san Aontas ar mhonarú arm tine agus SALW, ar a gcomhpháirteanna, a ngabhálais agus a n-armlón, agus tá na rialacha lena rialaítear stóráil SALW agus a n-armlón ceaptha chun rioscaí atreoraithe a íoslaghdú.

De bharr forbairtí i ndearadh arm tine agus SALW amhail úsáid mhéadaithe frámaí polaiméire agus dearadh modúlach, tá an baol ann go mbainfí an bun d'éifeachtacht na hIonstraime Rianaithe Idirnáisiúnta (ITI), arb é an caighdeán domhanda maidir le marcáil SALW. Ós amhlaidh atá, ba cheart gníomhaíocht a dhéanamh chun an ionstraim idirnáisiúnta rianaithe a thabhairt cothrom le dáta.

Molann an tAontas, agus tacaíonn sé le taighde agus forbairt a dhéanamh ar an teicneolaíocht agus ar ghnéithe deartha arbh é ab aidhm leo maolú a dhéanamh ar an mbaol a bhaineann le hairm thine agus SALW agus atreorú armlóin, le gáinneáil agus úsáid neamhúdaraithe. Cuireann sé chun cinn an cur i bhfeidhm de theicneolaíochtaí nua le haghaidh bainistiú stoc-charn mionarm agus armán éadrom, rialú úsáide, marcáil, clibeáil, coimeád taifead agus rianú a bheidh níos éifeachtaí.

Gníomhaíochtaí:

- Leanfaidh an tAontas d'aghaidh a thabhairt ar mhonarú aindleathach arm tine agus armlóin. Tá na modhanna a bhaineann le monarú ag síorathrú agus is féidir iad a éascú trí úsáid a bhaint as páirteanna 3-D clóite. Áirítear leo sin airm thine dhíghníomhachtaithe a athghníomhachtú go haindleathach, táirgeadh ceardaíochta agus an tiontú aindleathach de ghunnaí aláraim nó gunnaí comharthaíochta atá ceaptha le haghaidh lón lámhaigh balbh nó gunnaí *flobert*, tiontú aindleathach armlóin agus úsáid aindleathach uirlisí athlódála. Déanfaidh an Coimisiún dlúth-fhaireachán ar chur chun feidhme a ghnímh chur chun feidhme lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla maidir le harmáin chomharthaíochta aláraim i ndáil le cur i bhfeidhm Treoir 91/477/CEE maidir le fáil agus seilbh armán a rialú[31]; agus

- Ós rud é go bhfuil marcáil agus coimeád taifead fíorthábhachtach le go n-éireoidh leis an rianú, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le cur chun feidhme iomlán na hIonstraime Rianaithe Idirnáisiúnta (ITI).

Na chéad chéimeanna eile:

- Ar an leibhéal domhanda, d'fhonn éifeachtacht ITI a chaomhnú agus a mhéadú, gníomhóidh an tAontas agus a Bhallstáit trí mholadh a dhéanamh smaoineamh ar iarscríbhinn a chur le ITI i bhfianaise forbairtí i ndearadh SALW amhail an struchtúr modúlach agus frámaí polaiméire; agus

- Bainfidh an tAontas úsáid as ionstraimí ábhartha chun tacú le taighde agus forbairt i réimse na teicneolaíochta iontaofa agus costéifeachtaí chun SALW agus a armlón a dhéanamh níos sláine agus an riosca atreoraithe a mhaolú.

[31] Glacfar an gníomh cur chun feidhme faoin 14 Meán Fómhair 2018 de réir Airteagal 10a de Threoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le fáil agus seilbh armán a rialú, arna leasú le Treoir (AE) 2017/853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 22)

2.2.2 Rialuithe maidir le hairm thine agus a n-armlón a onnmhairiú

Aontaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le cur chun feidhme agus uilíochas an Chonartha Trádála Arm. Ag tógáil ar chur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, cuireann an tAontas i gcoinne atreoraithe trí thacú le hacmhainní chun pointí atreoraithe a shainaithint trí bhíthin rianú, lena mbaintear úsáid níos fearr as córais malartaithe faisnéise agus lena maolaítear an baol go mbeidh tuilleadh atreoraithe ann tríd an soláthar chuig atreodóirí sainaitheanta faoi chuimsiú an rialaithe ar onnmhairiú arm.

Tá bróicéireacht neamhrialáilte fós ina foinse d'atreorú SALW. Éilíonn cineál trasnáisiúnta na ngníomhaíochtaí bróicéireachta comhar idirnáisiúnta.

Gníomhaíochtaí:

- Leanfaidh an tAontas de rialú freagrach agus éifeachtach ar onnmhairiú arm a chur chun cinn i gcomharsanacht an Aontais, i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES maidir le harmáin ar ghrád míleata agus Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 maidir le hairm thine d'úsáid shibhialtach; agus

- Cinnteoidh an tArdionadaí agus na Ballstáit go gcuirfear Comhsheasamh 2008/944/CBES maidir le bróicéireacht arm chun feidhme i gceart agus ina iomláine.

Na chéad chéimeanna eile:

- Tá an Coimisiún ag déanamh faireachán i gcónaí ar chóras an Aontais agus ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann feabhsuithe a chur ar údarú onnmhairithe agus ar bhearta allmhairithe agus idirthurais le haghaidh airm thine d'úsáid shibhialtach, a gcomhpháirteanna agus a n-armlón, faoi mar atá ráite sa tuarascáil a ghlac an Coimisiún ar an 12 Nollaig 2017[32];

- Breithneoidh an Chomhairle cinneadh maidir le teastais úsáideora deiridh le haghaidh onnmhairí SALW, agus cuirfear obair ESCE san áireamh i ndáil leis an méid sin;

[32] COM(2017) 737 leagan deiridh, 12.12.2017.

- Agus é comhaontaithe leis na Ballstáit, méadóidh SEGS acmhainneacht chóras COARM ar líne[33] i gcomhair malartú faisnéise atá ábhartha chun críocha measúnaithe ar an riosca atreoraithe idir údaráis rialaithe na mBallstát ar onnmhairithe i gcomhthéacs ceadúnú onnmhairí, lena gcuirfear san áireamh leibhéal slándála an chórais agus na faisnéise;

- Sa mheasúnú riosca sula ndeonaítear ceadúnais onnmhairiúcháin i gcomhar SALW agus armlóin, tabharfaidh na Ballstáit dá n-aird taifead atreoraithe na bhfaighteoirí agus na n-idirghabhálaithe atá beartaithe; agus

- Smaoineoidh na Ballstáit faoi úsáid a bhaint as an gCóras Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS) agus as córas ECRIS-TCN (náisiúnaigh tríú tír) a bheidh ann amach anseo chun a áirithiú go ndéanfar faisnéis um thaifid choiriúla ar eintitis/daoine a ciontaíodh as gáinneáil ar airm a chur ar fáil do na húdaráis rialaithe chun críoch measúnú riosca a dhéanamh ar iarratas ar cheadúnas le haghaidh teicneolaíocht agus trealamh míleata.

2.2.3 Bainistiú slán SALW agus stoc-charn armlóin a áirithiú

Tá ról lárnach ag bainistiú slán na mionarm agus na stoc-charn armlóin náisiúnta i leathadh aindleathach a shrianadh. Príomhchúis le hatreorú arm agus armlón ó na margaí dleathacha chuig na margaí aindleathacha is ea drochshlándáil stoc-charn. Tá slándáil na stoc-charn forbhásach go háirithe sna stáit atá thíos le coinbhleacht fhoréigneach nó le rialachas lag.

[33] Ardán ar líne le haghaidh malartú faisnéise idir údaráis rialaithe na mBallstát ar onnmhairithe arna mbunú faoi Mheitheal COARM na Comhairle um Onnmhairiú Arm. Bíonn an Mheitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm ag plé leis an obair a bhaineann le rialuithe onnmhairiúcháin le haghaidh gnáth-arm. Feidhmíonn sí mar fhóram freisin, ar a mbíonn na Ballstáit i mbun cumarsáide le chéile agus ag comhroinnt faisnéis maidir lena gcuid beartas i leith onnmhairiúcháin go tíortha nach baill den Aontas iad, agus maidir le diúltú ar bhonn náisiúnta d'iarratais ó thíortha nach baill den Aontas iad ar cheadúnais onnmhairiúcháin.

Gníomhaíochtaí:

- Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ag cuidiú le tíortha eile feabhas a chur ar bhainistiú agus ar shlándáil stoc-charn atá i seilbh an stáit trí na creata reachtacha agus riaracháin náisiúnta agus na hinstitiúidí náisiúnta a neartú a rialaíonn soláthar dlisteanach agus bainistiú stoc-charn SALW agus armlóin do na fórsaí cosanta agus slándála, agus aird ar leith á tabhairt ar an marcáil agus coimeád taifead; agus

- Déanfaidh an tAontas caighdeáin agus dea-chleachtais i dtaca le láimhseáil mionarm (Caighdeáin Rialaithe Idirnáisiúnta um Mionairm - ISACS) agus armlóin (Treoirlínte Teicniúla Idirnáisiúnta maidir le hArmlón - IATG) a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

2.2.4 Diúscairt fhreagrach SALW agus a n-armlón

Bíonn barrachais SALW agus armlóin ann nuair a bhíonn stoc-chairn níos mó ná na riachtanais láithreacha agus na riachtanais réamh-mheasta. Ina theannta sin, is minic a fhágtar i stoc-chairn sa deireadh na hairm aindleathacha a urghabhtar nó a bhailítear i gcomhthéacs bailiúcháin dheonaigh nó feachtais dhí-armála, díshlógaidh agus athimeasctha. Is é an t-aon bhealach leis an riosca ar atreorú na mbarrachas sin a dhíothú, iad a dhiúscairt go freagrach, de rogha trí scriosadh, mar is féidir díghníomhachtú a iniompú mura ndéantar de réir caighdeáin iomchuí é. Sula scriostar airm thine a urghabhadh agus a bailíodh ní mór a gcuid marcanna a thaifeadadh ionas go bhféadfaí rianú nó fiosrúcháin eile a dhéanamh faoina mbunús. Tá treoirlínte coitianta maidir le caighdeáin díghníomhachtaithe agus teicnící[34] ar féidir leo a bheith úsáideach agus iad ina dteimpléad domhanda le haghaidh airm thine a dhíghníomhachtú ar bhealach slán agus do-aisiompaithe.

[34] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/337 an 5 Márta 2018 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2403 lena mbunaítear treoirlínte coitianta maidir le caighdeáin díghníomhachtaithe agus teicnící chun a áirithiú go mbeidh airm thine díghníomhachtaithe do-oibrithe ar bhealach do-aisiompaithe (IO L 065, 08 Márta 2018 lch.1).

Gníomhaíochtaí:

- Spreagfaidh agus cuideoidh an tAontas agus na Ballstáit le diúscairt fhreagrach barrachais, SALW agus armlóin a urghabhadh agus a aisghabhadh ar bhealach eile, de rogha trí scriosadh; agus

- D'fhonn a áirithiú go mbeidh airm thine díghníomhachtaithe do-oibrithe ar bhealach do-aisiompaithe, déanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis an Ardionadaí agus leis na Ballstáit, caighdeáin an Aontais um airm thine a dhíghníomhachtú a chur chun cinn thar lear, lena n-áirítear tríd an gcomhar le tríú stáit.

2.2.5 Saincheisteanna trasnaí

Tá rún daingean ag an Aontas gona Bhallstáit feabhas a chur ar chomhordú a gcuid gníomhaíochtaí agus tionscnamh sa chomhrac i gcoinne gáinneáil ar airm thine, chun leas a bhaint as sineirgí, cur leis an idir-inoibritheacht idir na bunachair sonraí ábhartha agus córais faisnéise eile, agus cosc a chur ar dhúbailt saothair.

Tá sé bunriachtanach feabhas a chur ar chomhroinnt na faisnéise, ar thaighde, ar bhailiú sonraí agus ar anailísiú ar ghnéithe éagsúla na gáinneála ar airm thine agus na coireachta gunna d'fhonn forléargas faisnéise maith a fháil agus chun coinneáil chun dáta leis na riachtanais slándála a bhíonn ag síorathrú. Is gá an úsáid a bhaintear as na huirlisí atá ann cheana a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar shineirgí agus ar idir-inoibritheacht a d'fhéadfadh a bheith idir bunachair sonraí um fhorfheidhmiú dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar gháinneáil SALW, *inter alia* trí fhaisnéis ábhartha a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt. Is féidir le Europol agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ról a imirt sa réimse sin agus ba cheart úsáid bhreise as córas bainistithe INTERPOL do thaifid agus rianú arm aindleathach a spreagadh freisin.

Gníomhaíochtaí:

- Molfaidh an tAontas tuilleadh úsáide a bhaint as taifid Interpol um airm aindleathacha agus as córas bainistithe INTERPOL do thaifid agus rianú arm aindleathach (iARMS)[35];

[35] https://www.interpol.int/Crime-areas/Firearms-trafficking/INTERPOL-Illicit-Arms-Records-and-tracing-Management-System-iARMS

- Leanfaidh an Coimisiún den chomhar le Europol, le INTERPOL agus leis na Ballstáit chun feabhas a chur ar na sineirgí agus ar na hidirghníomhaíochtaí idir Córas Faisnéise Schengen (SIS)[36] agus iARMS chun tabhairt faoin ngníomhaíocht beartaithe i bPlean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne gáinneáil aindleathach agus úsáid arm tine agus pléascán[37];

- Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht agus spreagadh a thabhairt do thaighde agus do ghníomhaíochtaí i gcoinne gáinneáil ar airm thine agus na coireachta a bhaineann léi trí bhíthin na n-ionstraimí maoiniúcháin atá ar fáil[38].

## 2.3 COMHLÍONADH TRÍ FHAIREACHÁN AGUS FORFHEIDHMIÚ

Tá ról uathúil ag an Aontas cuidiú chun cur isteach isteach ar na margaí coireachta trína obair reachtach agus oibríochtúil, lena n-áirítear ar an gcomhar póilíneachta agus custaim agus sruthanna cistiúcháin, agus trí chomhar agus rannpháirtíocht le tíortha eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta i réimse fhorfheidhmiú an dlí[39]. Is féidir le Europol agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda ról a imirt sa réimse sin.

36 Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2016) 205 leagan deiridh, 6.4.2016).

37 Plean Gníomhaíochta an Aontais i gcoinne gáinneáil aindleathach agus úsáid arm tine agus pléascán, an 2 Nollaig 2015, COM(2015), 624 leagan deiridh

38 https://ec.europa.eu/home-affairs/financing/fundings/security-and-safeguarding-liberties/internal-security-fund-police_ga

39 Chun críoch na straitéise seo, tagraíonn an téarma 'forfheidhmiú an dlí' do ghníomhaíocht na bpóilíní, na gardaí teorann agus cósta, agus custaim.

Tá an **comhar oibríochtúil** ar cheann de na colúin de ghníomhaíocht an AE faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil. Ó bhí timthriall 2014-2017 ann, áirítear le timthriall beartais ilbhliantúil Europol maidir le coireacht idirnáisiúnta thromchúiseach an comhrac i gcoinne gáinneáil ar airm thine i measc réimsí tosaíochta na coireachta ina bhfuil comhar maidir le forfheidhmiú an dlí le feabhsú[40]. Tá sin fós ina thosaíocht i dtimthriall beartais nua 2018-2021 do choireacht idirnáisiúnta do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach[41]. In 2017, fuair tionscadal anailíse armán agus pléascán i bhfad níos mó ranníocaíochtaí ná in 2016, agus ar an gcaoi sin tugadh tacaíocht réamhghníomhach don ghníomhaíocht imscrúdaitheach.

Déantar faisnéis faoi gháinneáil ar airm thine/SALW a chomhroinnt freisin trí thuarascálacha ó Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (EU INTCEN).

Gníomhaíochtaí:

- Iarrtar ar Lárionaid Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh (EU INTCEN), i gcás inar gá, i gcomhar leis an gCoimisiún, Europol agus GEGTC, tuarascálacha a thiomsú maidir le SALW agus gáinneáil ar armlón;

- Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) leanúint de bheith ag socrú oiliúint i gcomhair oifigigh um fhorfheidhmiú an dlí maidir le gáinneáil ar airm thine/SALW;

---

40 Conclúidí ón gComhairle maidir le cruthú agus cur chun feidhme timthrialla beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach (15358/10 COSI 69 ENFOPOL 298 CRIMORG 185 ENFOCUSTOM 94, 25.10.2010).

41 Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí (2014-2017) (12095/13, 26.7.2013).

- Déanfaidh an tAontas an comhar trasteorann idir na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis forfheidhmithe dlí a fheabhsú, údaráis ábhartha na mBallstát a ghríosú, lena n-áirítear na húdaráis chustaim, chun lárphointí náisiúnta maidir le hairm thine a bhunú, anailís níos fearr a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir atá ar fáil i réimse na n-arm tine aindleathach agus rannpháirtíocht iomlán a áirithiú i malartú na faisnéise le Europol i réimse na gáinneála ar airm thine; agus

- Áiritheoidh na Ballstáit comhar faoi chuimsiú thimthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe agus thromchúiseach. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir leis an bhfaisnéis a bhailítear agus a tharchuirtear chuig an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta i gcomhthéacs na n-oibríochtaí a chomhordaíonn an Ghníomhaireacht.

## 2.4 COMHAR AGUS CÚNAMH IDIRNÁISIÚNTA

### 2.4.1 Ar an leibhéal idirnáisiúnta

Tacaíonn an tAontas le comhar éifeachtach trasteorann idir na húdaráis bhreithiúnacha agus na húdaráis forfheidhmithe dlí d'fhonn rannpháirtíocht iomlán sa mhalartú faisnéise le Europol i réimse na gáinneála ar airm thine a áirithiú. Is é is aidhm leis sin dúbailt saothair a sheachaint, comhordú le tionscnaimh dhéthaobhacha, réigiúnacha nó iltaobhacha eile a áirithiú, agus feabhas a chur ar an gcomhar le linn imscrúduithe choireanna trasteorann. Is príomhdheontóir é an tAontas i dtaca le comhar rialú SALW agus cúnamh le tíortha eile agus le heagraíochtaí réigiúnacha trí na Cinntí ón gComhairle agus trí thacaíocht thiomnaithe tríd an Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin (IcSP )[42] agus le hionstraimí eile. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i gcoinne SALW aindleathach, leis an gConradh Trádála Arm agus leis an bPrótacal Arm Tine. Cé gurb ionann foréigean atá bunaithe ar inscne le hairm thine agus SALW in aon chás sárú ar an dlí um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, tá forálacha sainráite sa Chonradh Trádála Arm le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le hairm thine a úsáid sa chomhthéacs sin. Éilítear go sonrach leis na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe[43]cumhachtú na mban sna hiarrachtaí chun aistriú aindleathach, carnadh iarmhartach agus mí-úsáid SALW a chosc, a chomhrac agus a dhíothú.

Gníomhaíochtaí:

- Glacfaidh an tAontas páirt réamhghníomhach i gclár domhanda arm tine d'Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) i ndáil le bailiú sonraí agus anailís dhomhanda ar gháinneáil ar airm thine, agus acmhainn na dtíortha comhpháirtíochta agus na bhfo-réigiún a neartú i dtaca le rialú éifeachtach ar airm thine a chur chun feidhme i gcomhréir leis an bprótacal arm tine;

---

[42] Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 11 Márta 2014

[43] Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe mar aon le rúin ina dhiaidh sin faoi mhná, faoi shíocháin, agus faoi shlándáil, e.g. UNSCR 2242 (2015).

- Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chóras bainistithe INTERPOL do thaifid agus rianú arm aindleathach (iARMS);

- Cothóidh an tAontas comhar agus comhroinnt faisnéise, go háirithe i measc tíortha feadh na mórbhealaí gáinneála chuig an/ón Aontas;

- Comhoibreoidh an tAontas leis an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (CCC) chun straitéis SALW a chur chun feidhme;

- Déanfaidh an tArdionadaí measúnú agus anailís ar thionchar agus ar éifeachtacht na tionscadal rialaithe SALW arna dtacú ag an Aontas i dtíortha nach bhfuil san Aontas idir 2005 agus 2017 mar chuid de chur chun feidhme straitéis 2005 SALW;

- Déanfaidh an tAontas cinntí inscne, agus malartú dea-chleachtas i ndáil leis an méid sin, a phríomhshruthú go héifeachtach agus tionscadail nua a bhaineann leis an gcomhrac i gcoinne an fhoréigin gunna agus rialú le gunna(SALW) i gcoitinne á gceapadh acu;

- Déanfaidh an tAontas cur chun feidhme na gcaighdeán agus na ndea-chleachtas chun mionairm agus armlón a láimhseáil lena n-áirítear na caighdeáin idirnáisiúnta um rialú mionarm (ISACS) agus treoirlínte teicniúla idirnáisiúnta d'armlón (IATG) a chur chun cinn; agus

- Cuirfidh na Ballstáit feabhas ar a gcomhar le Europol agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (GEGTC) maidir le gáinneáil ar airm thine aindleathacha agus úsáid arm tine i dtíortha nach bhfuil san Aontas, agus cothóidh siad rannpháirtíocht bhreise na n-údarás i gcomhar oibríochtúil, malartú faisnéise agus gníomhaíocht chomhpháirteach fhorfheidhmiú an dlí.

Tacaíonn an tAontas cheana féin le faireachán ar shreabha aindleathacha SALW i limistéir atá thíos mar gheall ar choinbhleacht, d'fhonn na bealaí is éifeachtaí chun an soláthar a laghdú. Leis na sonraí a fhaightear trí aithint agus rianú SALW aindleathacha agus armlóin aindleathaigh cabhraítear feabhas a chur ar rialú ar onnmhairiú arm, *inter alia* trí mheasúnú feabhsaithe riosca, deimhniú úsáideora deiridh agus faireachán ar úsáid dheiridh.

Gníomhaíochtaí:

- Déanfaidh an Chomhairle módúlachtaí a fhiosrú chun feabhas a chur ar fhaireachán agus ar fhorfheidhmiú trádbhac arm an Aontais;

- Tacóidh an tAontas le hobair phainéil na Náisiún Aontaithe a dhéanann faireachán ar thrádbhaic arm, agus breathnóidh sé ar bhealaí chun rochtain a fheabhsú ar a chinntí maidir le hatreorú agus maidir le hairm thine agus SALW aindleathacha chun críche rialaithe onnmhairithe arm;

- I gcásanna inarb iomchuí agus i gcomhréir lena sainordú, agus rannpháirtíocht agus acmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh, tabharfaidh an Chomhairle ról do mhisin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta chun tacú le feasacht maidir le SALW agus oiliúint a bhaineann le rialú SALW a eagrú, tacú le bainistiú ceart stoc-charn, faireachán a dhéanamh ar ghluaiseachtaí SALW aindleathacha agus armlóin aindleathach (lena n-áirítear gáinneáil trasteorann), de réir mar is iomchuí. I gcás inarb infheidhme agus arna dtreorú ag na Ballstáit, d'fhéadfadh misin agus oibríochtaí CBSC tacú chun é a dhéanamh níos fusa SALW aindleathacha a urghabhadh a thaifeadadh, a rianú agus a dhiúscairt. Bainfidh an Chomhairle leas as na ceachtanna a foghlaimíodh ó na rannpháirtíochtaí CBES sin inar cuireadh cúraimí SALW san áireamh sna sainorduithe (mar shampla EUFOR Althea sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin);

- Leanfaidh an tAontas de thacú le hiarrachtaí taighde a chistiú a dhíríonn ar fhoinsí SALW aindleathacha i limistéir choinbhleachta, amhail iTrace ag *Conflict Armament Research*[44]. Spreagfaidh sé taighde, anailís agus staidéir bhreise ar an ábhar sin, ag brath ar na hacmhainní atá ann cheana amhail cuibhreannas AE maidir le neamhleathadh agus dí-armáil núicléach; agus

- Tacóidh an tAontas le hacmhainní náisiúnta i limistéir atá thíos mar gheall ar choinbhleacht tionscnaimh SALW agus armlóin aindleathaigh a lorg agus a rianú i limistéir choinbhleachta, ag cur leis an taithí a fuarthas sa tionscadal iTrace.

2.4.2 Ar an leibhéal réigiúnach

Ar an leibhéal réigiúnach, cabhróidh an tAontas gona Bhallstáit le hacmhainní forfheidhmithe dlí a neartú d'fhonn cur isteach ar líonraí gáinneála agus stop a chur leo agus cosc a chur ar airm thine sceimhlitheoirí agus coirpigh a bhaint amach tríd an margadh aindleathach, *inter alia* trí bhac ar chur ar mhaoiniú agus iompar aindleathach arm agus ról póilíní teorann, custaim agus údarás calafoirt a fheabhsú. Mar gheall ar chineál trasteorann na gáinneála ar airm, tá sé ríthábhachtach go mbeidh tíortha comharsanachta rannpháirteach, fiú mura bhfuil tionchar díreach orthu.

Spreagfaidh an tAontas naisc idir gníomhaithe um fhorfheidhmiú an dlí a bhíonn ag déileáil le gáinneáil ar airm agus na húdaráis atá freagrach as trádáil agus onnmhairiú arm a rialú, chun a áirithiú go roinntear faisnéis maidir le mórbhealaí na sreabh aindleathach isteach san Eoraip, d'fhonn gníomhaíocht cheartaitheach nó choisctheach a spreagadh. Áirítear leis an ngníomh sin malartú faisnéise, teagmháil dhíreach idir comhlachtaí imscrúdaitheacha, imscrúduithe atá pleanáilte go comhpháirteach agus cur chun feidhme pras iarrataí ar chomhar a chothú, gach ceann i gcomhréir leis an gcreat dlí bunaithe. Díreofar ar an gcomhar trasteorann le comharsanachtaí an deiscirt agus an oirthir go háirithe.

44 Cinneadh 698/2283 (CBES) ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 maidir le tacaíocht a thabhairt do shásra tuarascála domhanda maidir le mionairm aindleathacha, armáin éadroma agus armáin aindleathacha traidisiúnta eile agus armlón chun an riosca a bhaineann le trádáil aindleathach na n- arm sin a laghdú ('iTrace III').

Tabharfaidh Europol aird ar leith ar thacaíocht d'iarrachtaí phóilíní agus údaráis na mBallstát, agus comhlachtaí an Aontais, tíortha nach bhfuil san AE agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun na foirmeacha den choireacht laistigh dá shainordú a chosc agus a chomhrac, foirmeacha a bhaineann le gníomhaíochtaí aindleathacha eagraíochtaí coiriúla agus daoine atá páirteach i seilbh agus gáinneáil SALW, lena n-áirítear armlón, páirteanna agus comhpháirteanna.

Neartóidh an tAontas an t-idirphlé agus comhar atá aige le heagraíochtaí réigiúnacha atá ag obair ar rialú SALW, trína ghníomhaíochtaí a ailíniú le straitéisí réigiúnacha agus pleananna gníomhaíochta.

Na Balcáin Thiar agus an Tuirc

I gcomhréir leis na spriocanna straitéiseacha a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A credible enlargement perspective for and enhanced EU engagement with the Western Balkans* [Peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú le haghaidh na mBalcán Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe ón Aontas leis na Balcáin Thiar] (tionscnamh suaitheanta 2 maidir leis an tslándáil agus an imirce)[45], leanfaidh an tAontas dá thacaíocht a thabhairt do theach imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa de chuid UNDP le rialú a dhéanamh ar mhionairm agus armáin éadroma (SEESAC). Coinneoidh an tAontas an comhar le heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha i réimse an rialaithe SALW agus cuirfidh sé san áireamh tionscnaimh réigiúnacha amhail an treochlár[46] ina dtugtar aghaidh ar SALW aindleathacha sna Balcáin Thiar. Ar bhonn níos ginearálta, leanfaidh sé d'infheistíocht a dhéanamh chun coinbhleachtaí réigiúnacha a chosc agus a réiteach trí raon leathan ionstraimí agus beartas. Díríonn an straitéis ar rialú gnáth-arm, atá ina chuid ríthábhachtach i ndáil le cosc na coinbhleachta agus beartais frithsceimhlitheoireachta.

---

45 COM(2018) 65 final, 6.2.2018 agus iarscríbhinn

46 Ar an 10 Iúil 2018, ghlac Cruinniú Mullaigh na mBalcán Thiar i Londain *Regional Roadmap for a sustainable solution to the illegal possession, misuse and trafficking of SALW/firearms and their ammunition in the Western Balkans by 2024* [Treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil SALW/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024].

Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas, go háirithe in oirdheisceart na hEorpa, mar gheall ar scála an charntha SALW agus armlóin, coinníollacha stórála neamhleora, seilbh aindleathach fhorleathan agus bearnaí ó thaobh cur chun feidhme de, leantar d'éifeachtacht iarrachtaí rialaithe arm tine/SALW i gcodanna de na Balcáin Thiar a theorannú. D'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar sholáthar arm tine aindleathach agus ar an stoc-charn mór armán, tabharfar tosaíocht do bharrachas a scriosadh, SALW aindleathacha a dhoiciméadú agus a rianú, faisnéis a roinnt trí úsáid a bhaint as cainéil malartaithe faisnéise Eorpacha, réigiúnacha agus dhomhanda (mar shampla Europol, Interpol), agus oibríochtaí comhpháirteacha a bhunú agus a sheoladh.

Gníomhaíochtaí:

- Tacóidh an tAontas le hiarrachtaí chun stoic bharrachais SALW agus armlóin a laghdú, seilbh aindleathach a laghdú, atreorú agus gáinneáil ar airm a chomhrac, rialuithe teorann a fheabhsú, feabhas a chur ar mharcáil, taifead agus rianú SALW agus ar acmhainneacht diúscartha, feasacht a mhéadú, agus tacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht forfheidhmithe dlí, tacaíocht fhadtéarmach an Aontas do theach imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa de chuid UNDP le rialú a dhéanamh ar mhionairm agus armáin éadroma (SEESAC) á cur san áireamh, agus leanúint leis an tacaíocht i gcomhar córais náisiúnta rialaithe agus tionscnaimh ábhartha réigiúnacha a chur san áireamh chun SALW aindleathacha agus a n-armlón a chomhrac amhail an treochlár réigiúnach chun teacht ar réiteach inbhuanaithe i ndáil le seilbh, mí-úsáid agus gáinneáil SALW/arm tine agus a n-armlón sna Balcáin Thiar faoi 2024;[47] tionscnamh lenar thacaigh an Fhrainc agus an Ghearmáin;

- Áiritheoidh an tAontas gona Bhallstáit comhar comhleanúnach idir tíortha an Aontais agus tíortha na mBalcán Thiar trí thionscnaimh a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar airm thine, mar a leagadh amach i dtimthriall beartais 2018-2021 do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach, lena n-áirítear tacaíocht sonrach oibríochtúil trí EMPACT Arm Tine[48], agus an plean gníomhaíochta idir an tAontas agus na Balcáin Thiar faoi rialachas slándála inmheánaí lánpháirtithe (IISG) sna Balcáin Thiar;

---

[47] Féach fonóta 40.

[48] EMPACT - an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla.

- Déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit iarrachtaí an Aontais a chomhordú le tionscnaimh déthaobhacha, réigiúnacha nó iltaobhacha chun riosca forluí a laghdú agus éifeachtúlacht an chomhair a fheabhsú in imscrúduithe ar choireanna trasteorann, i gcomhréir le conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2016;[49] agus

- Cruthóidh agus úsáidfidh an tAontas gona Bhallstáit go hiomlán sineirgí idir oifigigh idirchaidrimh de chuid Europol a imscarfar sna Balcáin Thiar, SEESAC[50] agus clárú réigiúnach faoin ionstraim um chúnamh réamhaontachais (IPA) maidir le 'coireacht thromchúiseach sna Balcáin Thiar a chomhrac'[51] agus coireacht eagraithe sna Balcáin Thiar a thomhas agus a mheasúnú: ag tacú le ceapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise'[52].

Na chéad chéimeanna eile:

• Déanfar Plean Gníomhaíochta 2015-2019 maidir le gáinneáil aindleathach arm tine a mheas chun a éifeachtacht ó thaobh aghaidh a thabhairt ar sholáthar arm tine aindleathach agus an stoc-charn mór armán a mheasúnú; agus

Leathnófar timthriall beartais an Aontais maidir le coireacht eagraithe a mhéid is féidir ionas go gcuimseofar na Balcáin Thiar ina chuid gníomhaíochtaí oibríochtúla. Iarrfar ar thíortha na mBalcán Thiar páirt a ghlacadh i dtionscadail shonracha faoin Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla agus freastal ar chruinnithe den Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach, lena n-áirítear iad siúd a a thionólfar i gcomhpháirt leis an gCoiste Polaitiúil agus Slándála ar bhonn ad-hoc nuair a bheidh tionscadail á bplé.

---

49 Rinneadh tagairt sna conclúidí a riachtanaí atá 'dlúthchomhar réigiúnach agus idirnáisiúnta éifeachtach, lena n-áirítear le Europol agus le Eurojust, gan dochar do sheasaimh na mBallstát i ndáil le stádas'.

50 Clár arna mhaoiniú ag CBES, 2017-2019, EUR 6 508 136.

51 IPA 2017-2019, EUR 13 mhilliún: *Deutsche Gesellschaft für internationale Zusammenarbeit* (GIZ).

52 IPA 2015-2019, EUR 2 mhilliún: UNODC.

Comharsanacht an Oirthir

Mar thoradh ar an éagobhsaíocht atá ann faoi láthair in Oirthear na hEorpa tá méadú ar leibhéal na gáinneála aindleathaí ar airm thine i dtíortha éagsúla sa réigiún, amhail an Úcráin. Is bagairt fhadtéarmach shonrach slándála í an éagobhsaíocht sin don Úcráin agus don Aontas araon. Dá bhrí sin, is ar leas frithpháirteach é an comhar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir leis an tsaincheist sin. Tá a rannpháirtíocht dhéthaobhach leis an Úcráin agus tíortha eile sa chomharsanacht á saothrú ag an Aontas agus comhtháthaíonn sé go córasach an comhrac i gcoinne SALW aindleathacha in aon phlé maidir le cúrsaí slándála le tíortha comhpháirtíochta sa chomharsanacht.

Gníomhaíochtaí:

- Déanfaidh an tAontas gona Bhallstáit an comhrac i gcoinne gáinneáil ar airm thine/SALW i gcomhthéacs an idirphlé maidir le cúrsaí slándála le tíortha comhpháirtíochta sa chomharsanacht, amhail an Úcráin a chomhtháthú;

- Cuirfidh an tAontas gona Bhallstáit cainéil teagmhála ar bun idir saineolaithe san Aontas agus san Úcráin, déanfaidh siad pointe teagmhála a shainaithint chun comhar rianúil a áirithiú, feasacht a mhúscailt, dea-chleachtais agus saineolas a chomhroinnt, agus riachtanais oiliúna agus bearta eile tacaíochta a shainaithint chun acmhainneachtaí na hÚcráine sa réimse a neartú; agus

- Leanfaidh an tAontas gona Bhallstáit den obair ar bhonn buan teicniúil leis an Úcráin chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb phráinneach na gáinneála aindleathaí ar airm thine agus na rioscaí a bhaineann le sceimhlitheoirí agus grúpaí coireachta eagraithe agus seilbh a fháil acu ar na hairm thine sin.

Comharsanacht an Deiscirt

Leanann atreorú agus gáinneáil SALW de na coinbhleachtaí armtha fadtréimhseacha le hiarmhairtí leathana réigiúnacha sa Mheánoirthear agus san Afraic Thuaidh a ghéarú. Tá foinsí iomadúla SALW aindleathacha sa réigiún sin, lena n-áirítear stoc-charn nach bhfuil slán agus SALW a thagann ó tháirgeadh dleathach agus onnmhairiú údaraithe agus a dhéantar a atreorú chuig úsáideoirí deiridh neamhúdaraithe, lena n-áirítear SALW ó Bhallstáit an Aontais.

I dtimthriall beartais an Aontais do 2018-2021 do choireacht eagraithe, thromchúiseach idirnáisiúnta áirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla sonracha sna réigiúin sin chun comhar a fheabhsú maidir le gáinneáil aindleathach arm tine. Tá comhar déthaobhach níos doimhne bunriachtanach chun gné thrasnáisiúnta na gáinneála neamhdhleathaí arm tine ar fud an réigiúin a chomhrac ar bhonn níos éifeachtaí. Ba cheart, dá bhrí sin, comhordú idir an tAontas agus an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh sa réimse sin a spreagadh, an gá le dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus le háirithiú comhleanúnachas agus comhordú le tionscnaimh atá ann cheana arna dtacú nó arna gcistiú ag an Aontas á chur san áireamh.

Gníomhaíochtaí sa Mheánoirthear agus san Afraic:

- Féachfaidh an tAontas comhar leis an Ailgéir a fheabhsú, tríd an idirphlé slándála, maidir le haistriú arm tine a rialú agus an comhrac i gcoinne gáinneáil neamhdhleathach mionarm;

- Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don Túinéis i ndáil le hathchóiriú na hearnála slándála agus bainistiú teorann, go príomha trí chlár sonrach cistiúcháin, a mbeidh tionchar díreach aige ar gháinneáil aindleathach arm tine a rialú;

- Cuirfidh an tAontas chun cinn cur chun feidhme na dtionscnamh ar fad a dhéanfaidh comhar a dhoimhniú le Maracó maidir le rialú onnmhairithe arm tine agus ítimí dé-úsáide mar a bheartaítear sa phlean gníomhaíochta idir an tAontas agus Maracó lena gcuirfear chun feidhme an t-ardstádas[53];

- Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a chur ar fáil don Liobáin agus don Iordáin agus iad ag dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe (lena n-áirítear trí chúnamh athchóirithe na hearnála slándála agus trí thacaíocht do bhainistiú comhtháite teorainneacha), agus gáinneáil aindleathach arm tine a rialú;

- Leanfaidh an tAontas de chomhar idir an tAontas agus an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh a neartú sa chomhrac i gcoinne gáinneáil aindleathach arm tine, lena n-áirítear tríd an tionscnamh Euromed Police IV[54]. Is é is aidhm don chlár réigiúnach sin feabhas a chur ar chomhar straitéiseach agus oibríochtúil póilíneachta i réigiún an Mheánoirthir agus na hAfraice Thuaidh idir údaráis náisiúnta i dtíortha comhpháirtíochta an deiscirt, chomh maith le Ballstáit an Aontais agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais amhail Frontex;

- Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an bhfaireachán ar atreorú do ghníomhaithe neamhúdaraithe sa réigiún agus measúnú riosca faisnéis-bhunaithe agus bearta frith-atreoraithe, agus ar an gcaoi sin torthaí dearfacha thionscadal iTrace a chur san áireamh[55]; agus

- Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le fothú acmhainní d'údaráis áitiúla fhorfheidhmiú an dlí agus do na fórsaí slándála i ndáil le slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn (PSSM), barrachas a scriosadh agus SALW aindleathacha a dhoiciméadú agus a rianú.

- Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú leis an Aontas Afracach agus leis na pobail eacnamaíocha réigiúnacha ábhartha ina gcuid iarrachtaí i gcoinne na trádála aindleathaí in SALW.

---

53 Togra comhpháirteach le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais laistigh den Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile, i ndáil leis an moladh a ghlacadh maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta idir an tAontas agus Maracó lena gcuirtear chun feidhme an t-ardstádas (2013-2017) (/* JOIN/2013/06 final - 2013/0107 (NLE)).

54 https://www.euromed-police.eu/

55 https://www.conflictarm.com/itrace

Críocha Mheiriceá

Gníomhaíocht i gCríocha Mheiriceá: Lorgóidh an tAontas sineirge leis na stáit Mheiriceánacha agus na heagraíochtaí réigiúnacha ábhartha chun leathadh agus gáinneáil aindleathach SALW a laghdú, d'fhonn foréigean armtha agus gníomhaíocht choiriúil a laghdú[56].

## 3. CONCLÚID AGUS OBAIR LEANTACH

Tugann an straitéis seo cur chuige comhchoiteann don Aontas maidir le conas aghaidh a thabhairt ar an mbagairt a bhaineann le hairm thine agus SALW aindleathacha agus a n-armlón, sraith gníomhaíochtaí a bheidh le glacadh ag an Aontas gona Bhallstáit laistigh de theorainneacha an Aontais, agus tograí le haghaidh comhar agus cúnamh maidir le rialú SALW i gcomharsanacht an Aontais Eorpaigh agus ar fud an domhain.

Cuirfidh SEGS agus an Coimisiún tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar fáil maidir le cur chun feidhme na straitéise.

---

[56] De réir staidéar UNODC in 2013, ba é an dúnmharú intinneach a ba chúis le bás tuairim is leath-mhilliún duine (427 000) duine ar fud an domhain in 2012. Tharla os cionn trian (36%) de na dúnmharuithe sin i gCríocha Mheiriceá. Bhí tuairim is leath de na híospartaigh dhúnmharaithe idir 15-29 mbliana d'aois agus bíonn úsáid arm tine forleathan sa réigiún, ina ndéantar dhá thrian (66 %) dúnmharuithe le gunnaí.